**TEIDEAL AN PHOIST:** Bainisteoir Saoráidí - Gaillimh

**CUR SÍOS AR AN bPOST:** Tá Bainisteoir Saoráidí á lorg ag an nGarda Síochána d'fhonn feidhmiú éifeachtach de Cheanncheathrú Réigiúnach agus Rannach an Gharda Síochána i nGaillimh a chinntiú. Is í an fhreagracht atá ag an mBainisteoir Saoráidí ná a chinntiú go gcoimeádtar na foirgnimh agus an trealamh i mbail den scoth de réir na gceanglas agus na n-oibleagáidí faoin reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteachta. Is éard atá i gceist le bainistíocht saoráidí ná bainistíocht a dhéanamh ar chórais agus seirbhísí na bhfoirgneamh chun freastal ar riachtanais phearsanra an Gharda Síochána agus ar riachtanais de dhaoine eile a bhaineann leas as seirbhísí an Gharda Síochána. Beidh an post bunaithe san fhoirgneamh agus beidh sé mar chuid de mhol Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta Rannacha den Mhúnla Rannach atá á phíolótú sa Rannán.

Féadtar iarratas a chur isteach leis an bhFoirm Iarratais atá ar fáil ó:

Tá an leabhrán faisnéise iomaíochta ar fáil freisin. Ní mór an leabhrán seo a léamh go cúramach sula gcuirtear isteach ar an bpost. Tá an Garda Síochána tiomanta don bheartas um chomhdheiseanna.

**AN tÚDARÁS ATÁ I mBUN FOSTAÍOCHTA:** An Garda Síochána

**SUÍOMH GRÉASÁIN DEN ÚDARÁS ATÁ I mBUN FOSTAÍOCHTA:** www.garda.ie

**SUÍOMH AN PHOIST:** Ceanncheathrú Rannáin, Gaillimh

**CÁILÍOCHTAÍ RIACHTANACHA: (ROGHNACH)**

**FAISNÉIS BHREISE: (ROGHNACH)**

**DÁTA DEIRIDH DON FHEACHTAS:** Dé hAoine 7 Meán Fómhair, 2018